

**Ionadaithe Tofa, an Rialachán Ginearálta
maidir le Cosaint Sonraí agus an tAcht um
Chosaint Sonraí, 2018 (Acht 2018)**

Réamhrá

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí - Rialachán (AE) 2016/679 - i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Bhí sé ar an athrú is suntasaí ar an dlí um chosaint sonraí le níos mó ná fiche bliain anuas. Tá éifeacht dhíreach ag an Rialachán Ginearálta agus is é is aidhm dó na dlíthe um chosaint sonraí ar fud an Aontais Eorpaigh a chomhchuibhiú agus, ar an mbealach sin, córas cuntasachta a bhfuil forfheidhmiú rialála láidir taobh thiar de a thabhairt isteach do gach rialaitheoir agus do gach duine a phróiseálann sonraí pearsanta. Ba le hAcht 2018, a síníodh mar dhlí an 25 Bealtaine 2018, a tugadh tuilleadh éifeachta don Rialachán Ginearálta¹. Go háirithe, soláthraíodh leis an Acht creat ar cheart go gcinnteofaí leis go mbeidh ionadaithe tofa in ann leanúint le sonraí pearsanta a phróiseáil mar chuid dá bhfeidhmeanna.

Cuireann ionadaithe tofa feidhmeanna ríthábhachtacha i gcrích i sochaí dhaonlathach shaor. I measc nithe eile, áirítear leis na feidhmeanna agus na dualgais sin bualadh le toghthóirí agus clinicí comhairle a thionól leo, freastal ar shuíonna na Dála/an tSeanaid nó ar chruinnithe de chuid Údaráis Áitiúil/Comhairle Cathrach chun nithe ar díol spéise áitiúil agus náisiúnta iad a tharraingt anuas agus a phlé, freastal ar chruinnithe Coiste agus ionadaíocht a dhéanamh dá dtoghthóirí. Agus ról chomh leathan agus chomh héagsúil leis sin acu, is léir go mbeidh ar ionadaithe tofa sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta² a phróiseáil chun a gcúraimí a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach chun leas an phobail. Bunaithe ar an gcomhthéacs fíorasach ina gcuireann siad a ról i gcrích, is dóigh go mbeidh ionadaithe tofa ina rialaitheoirí

¹ I gcás go gceadaítear feidhmiú lánrogha náisiúnta faoin Rialachán

² Féach Airteagal 9(1) den Rialachán Ginearálta.

sonraí i bhformhór na gcásanna.³ Mar rialaitheoirí sonraí, ní mór dóibh a chinntiú go bpróiseálfar sonraí pearsanta a dtogthóirí ar bhealach dleathach, cothrom agus trédhearcach. Ní mór dóibh a chinntiú freisin gur sonracha a bheidh an cuspóir ar chuide a bhailítear sonraí pearsanta agus go mbeidh úsáid na sonraí sin teoranta dá bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Ní mór dóibh a chinntiú nach gcoinneoidh siad sonraí pearsanta ach amháin ar feadh tréimhse inchosanta agus go mbeidh na sonraí cruinn agus go gcoinneofar in áit shlán iad. Ar deireadh thiar, ceanglaítear le prionsabal na cuntasachta atá leagtha amach in Airteagal 5(2) den Rialachán Ginearálta ar ionadaí tofa, mar rialaitheoir sonraí, bheith in ann a thaispeáint go bhfuil na prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta á gcomhlíonadh aige/aici. Is é cuspóir an leathanaigh Ghréasáin/na treorach seo cabhrú le hionadaithe tofa feasacht láidir a ghnóthú ar a gcuid oibleagáidí agus freagrachtaí mar rialaitheoirí sonraí faoin Rialachán Ginearálta agus faoi Acht 2018. Is mar acmhainn ba cheart féachaint ar na hábhair atá leagtha amach anseo. Tá siad le húsáid chun cabhrú le réitigh phraiticiúla agus modhanna praiticiúla a chur chun feidhme chun a chinntiú go dtabharfar cosaint leordhóthanach don fhaisnéis phearsanta a bhailíonn, a úsáideann agus a shealbhaíonn ionadaithe poiblí⁴. D'fhéadfaí an treoir seo a úsáid freisin chun deis a thabhairt do gheallsealbhóirí ábhartha⁵ bearta forchéimnitheacha a ghlacadh i dtreo cód iompair⁶ a cheapadh ar mhaithe le tuilleadh éifeachta a thabhairt do na gníomhaíochtaí próiseála de chuid gach ionadaí tofa agus ar mhaithe le tuilleadh soiléire agus comhsheasmhachta a chur leis na gníomhaíochtaí sin.

³ Féach Airteagal 4(7) den Rialachán Ginearálta chun sainmhíniú ar rialaitheoirí sonraí a fháil. Féach an Breithiúnas ó Keane J i gcás Mount Carmel Medical Group (South Dublin) Limited & Achtanna na gCuideachtaí [2015] IEHC 450, lena ndeimhnítear gur ceist fíorais é aitheantas an rialaitheora sonraí, i.e. cén duine i ndáiríre a fheidhmíonn rialú ar chuspóir agus modhanna na sonraí?

⁴ Ba cheart na hábhair a bheith úsáideach d'eagraíochtaí eile freisin a mhéid a bhaineann an ghníomhaíocht próiseála lena dteagmháil le hionadaithe tofa

⁵ Comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht do chatagóirí ionadaithe tofa amhail páirtithe polaitíochta, rialaitheoirí ón earnáil phoiblí amhail an rialtas áitiúil agus rialaitheoirí sonraí sláinte agus rialaitheoirí sonraí príobháideacha a bhfostaíonn ionadaithe tofa go rialta iad.

⁶ Féach Airteagail 40 agus 41 den Rialachán Ginearálta.

Cuireadh na hábhair seo le chéile de bhun comhairliúcháin fhairsinge a rinne an Coimisiún um Chosaint Sonraí i gcomhar le geallsealbhóirí ábhartha ar mhaithe le sainathint a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna is ábhartha maidir le próiseáil sonraí pearsanta a théann i bhfeidhm ar ionadaithe poiblí le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chur i gcrích. Níl sé i gceist go gcumhdófar sna treoirlínte gach gné nó gach comhthéacs ar leith a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta ag ionadaithe tofa. Ina ainneoin sin, coinneoidh an Coimisiún na treoirlínte faoi athbhreithniú agus is féidir go ndéanfar iad a nuashonrú agus a leasú nuair is gá amach anseo.

Nollaig 2018